# 12 CHÉIM FHURASTA LE...

# LAGHDÚ ATHÚSÁID ATHCHÚRSÁIL

**TREOIR PHÓCA D'EOLAS ÚSÁIDEACH LE DO DHRAMHAÍL TÍ AGUS D'ATHCHÚRSÁIL TÍ A BHAINISTIÚ I GCONTAE DHÚN NA NGALL.**

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# RÉAMHRÁ

Is contae ar leith é Dún na nGall a chuimsíonn na nithe uilig a dhéanann Slí an Atlantaigh Fhiáin uathúil.

Tránna bána Brait Ghoirm, sléibhte creagacha maorga, cnoic, lochanna, aibhneacha, coillte agus an fharraige ghormghlas gona tonnta bána.

Radharcra nach bhfuil a shárú le fáil, flúirse d'fhiadhúlra agus de fhlóra. Is contae é a bhfuil cultúr agus oidhreacht go smior ann.

## THÓGFADH SÉ DO CHROÍ!

Tá ár ról féin ag achan uile dhuine againn lena chinntiú go ndéantar an contae álainn s'againn a chaomhnú agus a chosaint.

**Tá eolas úsáideach sa treoir áisiúil phóca seo ar an Bhainistiú Dramhaíola i nDún na nGall i dtaca le rudaí a thig linn uilig a dhéanamh le difear a dhéanamh sa bhaile.**




**Séanadh:** Is cáipéis threorach amháin í seo agus ní mhaítear gur léirmhíniú dlíthiúil í ar aon dlí, fodhlí nó rialachán.
Mí Iúil 2022.

**Arna chlóbhualadh ar pháipéar 100% iarthomhaltais.**

## DO CHUID DRAMHAÍOLA A BHAINISTIÚ

# SEICLIOSTA GASTA ✓

**Seicliosta simplí le cuidiú leat uastairbhe a bhaint as an dóigh a ndéanann tú an dramhaíl a bhainistiú sa bhaile.**

### AN AMHLAIDH

- ○ Go n-úsáideann tú Bailitheoir Údaraithe Dramhaíola i gcónaí?
- ○ Go bhfuil seirbhís bailithe dramhaíola agat?
- ○ Go bhfuil seirbhís 2-bhosca bruscair agat (bruscar ginearálta agus athchúrsáil cois bóthair)?
- ○ Go bhfuil seirbhís 3-bhosca bruscair agat (dramhaíl ghinearálta, athchúrsáil agus dramhbhia)?
- ○ Go n-úsáideann tú bainc fág anseo faoi choinne buidéil/prócaí gloine, cannaí bia agus dí agus aerasóil?
- ○ Go n-úsáideann tú Ionaid Athchúrsála áitiúla?
- ○ Go ndéanann tú Múiríniú sa bhaile?
- ○ Go dtógann tú earraí leictreacha agus leictreonacha ar ais chuig an siopa, saor in aisce, nuair a cheannaíonn tú earraí úra?
- ○ Go ndéanann tú earraí leictreacha agus leictreonacha a athchúrsáil, saor in aisce, ag an Ionad Athchúrsála áitiúil?
- ○ Go dtógann tú cadhnraí caite ar ais chuig díoltóirí cadhnraí lena n-athchúrsáil, gan aon cheannachán a bheith de dhíth (coinnigh súil amach don Bhosca Ghorm)?

### AN AMHLAIDH

- ○ Go bhfuil tú eolach ar an réimse de sheirbhísí atá ar fáil ag an Ionad Athchúrsála áitiúil s’agat?

CÉIM 1

# COSC DRAMHAÍOLA

An dóigh is fearr le dramhaíl a bhainistiú ná gan í a chruthú ar an chéad dul síos. Is é atá i gceist le Dramhaíl a Laghdú ná níos lú acmhainní a úsáid ar an chéad ásc, trí úsáid a laghdú agus níos lú a cheannach.

## SEO ROINNT RUDAÍ A THIG LINN UILIG A DHÉANAMH LE DRAMHAÍL A CHOSC.

- Diúltaigh d'Earraí Aon-Úsáide – úsáid buidéal in-athúsáidte, úsáid boscaí lóin, fleascáin, cupaí in-athúsáidte agus málaí in-athúsáidte.
- Fiosraigh an gcuireann gnólachtaí áitiúla ar bith seirbhís athlíonta ar fáil.
- Roghnaigh éadaí athláimhe.
- Cuimhnigh ar Dheisiú – an dtig é a dheisiú ar dtús?
- Seachain Dramhphost – Díliostáil / cuir greamán "Dramhphost ar bith!" ar do bhosca litreach.
- Roghnaigh níos lú pacáistithe – roghnaigh glasraí agus torthaí scaoilte
- Bain Triail as an Uaschúrsáil – cuir beocht úr isteach i rud éigin
- Tá leideanna iontacha ag Mywaste ar an Ghlanadh Ghlas, ar an Gharraíodóireacht Níos Glaise agus ar Thithe Glasa, agus iad ar fáil mar threoir ar a suíomh gréasáin.



**LE TUILLEADH MOLTAÍ A FHÁIL AR AN DÓIGH LE DRAMHAÍL A LAGHDÚ, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.mywaste.ie
» www.repairmystuff.ie
» www.donegalcoco.ie
» www.stopfoodwaste.ie
» www.consciouscup.ie
» www.refill.ie

# AIRGEAD SA BHRUSCAR ATÁ SA CHUR AMÚ BIA



## SEACHAIN AN CUR AMÚ BIA

**Fuarthas amach le suirbhé a rinneadh ar na mallaibh go bhfuil, ar cheann de na cúiseanna is mó a gcuireann daoine bia amú, ná go bhfuil an dáta faoinar cheart é a úsáid caite.**

Ar na bianna is minice a chaitear amach, tá arán, glasraí, torthaí agus sailéad.

### CÉIMEANNA BEAGA SIMPLÍ LEIS AN DRAMHBHIA A LAGHDÚ:

1. Déan plean béilí.
2. Seiceáil an méid atá sa teach sula dtéann tú a shiopadóireacht.
3. Scríobh liosta siopadóireachta.
4. Reoigh! Reoigh bia sula n-imíonn an dáta faoinar gá é a úsáid.

Mar aon le praghas-phromóisin, agus iad ag siopadóireacht, ceannaíonn cuid mhór daoine táirgí bia sa bhreis as taghd, mar go gcráitear iad le bolscaireacht nó fógraíocht agus mar gheall ar dhrochphleanáil..

**BAIN TRIAIL AS AN DÚSHLÁN ‘STOPAIMIS AN CUR AMÚ BIA’ LE FEICEÁIL CÉN DÓIGH A DTIG LEAT BIA AGUS AIRGEAD A SHÁBHÁIL!**

# AN DÚSHLÁN STOPAIMIS AN CUR AMÚ BIA

## LE BIA AGUS AIRGEAD A SHÁBHÁIL DUITSE



# CUIR EOLAS AR AN CHUR AMÚ

**Leis an chur amú bia a stopadh, caithfidh tú a bheith eolach ar na rudaí agus an méid a chaitheann tú amach**

### 1. Déan an dramhbhia a scaradh

Cuir an dramhbhia i gcoimeádán ar leith lena fheiceáil an fíormhéid a chuireann tú amú

### 2. Déan taifead den chur amú

Le cuimhneamh ar an bhia a chaitheann tú amach, is fiú nóta a dhéanamh de

### 3. Déan na fáthanna a shainaithint

Má tá a fhios agat na fáthanna a mbíonn tú ag caitheamh amach bia, tig leat céimeanna a ghlacadh lena stopadh

# PLEANÁIL

**Fágann pleanáil mhaith an saol níos fusa, sábhálann sí airgead duit agus laghdaíonn ar an dramhbhia**

### 1. Cuir eolas ar do chófra

Sula n-imíonn tú as an teach, bíodh a fhios agat cé na rudaí atá agat cheana!

### 2. Déan plean

Trí phleananna béilí agus oidis a úsáid le riar ar do chuid riachtanas féin, sábhálfaidh tú airgead

### 3. Scríobh do liosta

Sábhálfaidh tú am agus seachnóidh tú an cur amú bia ach liosta siopadóireachta a bheith agat atá pleanáilte mar is ceart!

## SIOPADÓIREACHT

**Seo áit amháin a gcuireann tú bia amú go fiú sula gceannaíonn tú é......A cheannaitheoir, bí san airdeall!**

### 1. Roimh ré – bí réidh

Bíodh a fhios agat cad é atá a dhíth ort agus ná gabh a shiopadóireacht ar bholg folamh!

### 2. Lena linn – bí láidir!

Tá an liosta agat, cloígh leis agus bí san airdeall, is minic a théann earraí sladmhargaidh amú.

### 3. Ina dhiaidh – cá mhéad a shábháil tú?

Admhálacha níos giorra? boscaí bruscair níos éadroime? amharc go bhfeice tú an méid atá sábháilte agat.

## STÓRÁIL

**Bain uastairbhe as an mhéid atá ceannaithe agat agus déan cinnte go gcuireann tú an fháilte cheart roimh do chuid bia isteach sa teach**

### 1. Déan é a stóráil mar is ceart

Má bhíonn tú eolach ar an áit cheart don bhia, sin leath na hoibre

### 2. Bain an úsáid cheart as

Cheannaigh tú é, déan cinnte go n-úsáideann tú é. Bíodh na dátaí ar eolas agat, ná beirtear gairid ort.

### 3. Bain fad as

Tá go leor bealaí iontacha ann le do chuid bia a chaomhnú ach an bhfuil tú eolach orthu?

# CÓCAIREACHT

## Anois, an chuid is blasta de bheith ag cur stop leis an chur amú bia. Bon Appetit

### 1. Sciartha cearta

Má bhíonn barraíocht ar an phláta, téann barraíocht chuig an bhruscar – bíodh a fhios agat cad is sciar ceart ann

### 2. Riar agus athúsáid

Foghlaim draíocht na mbuilíní agus na n-iasc

### 3. Oidis fánacha

Is iomaí bealach le práta a chócaráil, tabhair cuairt ar stopfoodwaste.ie



CÉIM 2

# BAILIÚCHÁN COIS BÓTHAIR

Cuireann an tionscal príobháideach bailithe dramhaíola seirbhís bailithe dramhaíola cois bóthair ar fáil do theaghlaigh Dhún na nGall. Ní mór ceadúnas bailí bailithe dramhaíola a bheith ag bailitheoir dramhaíola le dramhaíl a bhailiú i nDún na nGall.

**Soláthraíonn bailitheoirí dramhaíola i nDún na nGall córas bailithe dramhaíl scagtha. Bailíonn siad dramhaíl ghinearálta, ábhar tirim measctha athchúrsála agus dramhbhia.**

## BOSCA BRUSCAIR ATHCHÚRSÁLA TÍ

- ✓ Páipéar
- ✓ Cairtchlár
- ✓ Irisí / Bróisiúir
- ✓ Plaistigh Bhoga (Málaí / Clúdaigh srl.)
- ✓ Plaistigh Dhochta (Buidéil Phlaisteacha/Tobáin srl)
- ✓ Tetra Pak (Cartáin)
- ✓ Cannaí Bia (Cruach)
- ✓ Cannaí Dí (Alúmanam)
- ✓ Ba cheart achan ábhar athchúrsála a bheith Glan, Tirim agus Scaoilte
- ✗ **GLOINE AR BITH**





## BOSCA BRUSCAIR GINEARÁLTA




- Pacáistiú nó coimeádáin thruaillithe /shalacha
- Pacáistiú atá truaillithe le bia
- Luaith (fuar)
- Feadáin taos fiacla
- Bruscar Sláintíochta
- Clúidíní
- Earraí Criadóireachta



**IS FÉIDIR BAILITHEOIR DRAMHAÍOLA A CHUARDACH AG:**

» www.nwcpo.ie

**FAIGH NÍOS MÓ EOLAIS AR AR CHEART A CHUR ISTEACH I DO CHUID BOSCAÍ BRUSCAIR AG:**

» www.mywaste.ie

# DRAMHBHIA

**Tá bailitheoirí dramhaíl tí ag tuairisciú méadú suntasach ar líon na mboscaí dramhbhia a chuir siad ar fáil dá gcuid custaiméirí ar fud an chontae.**


**COMHGHAIRDEAS LE GACH DUINE A BHÍ PÁIRTEACH!**

Tríd an ábhar seo a bhailiú, fágtar go dtig é a úsáid le múirín agus le fuinneamh in-athnuaite a chruthú, rud a chruthaíonn deiseanna faoi choinne níos mó neamhspleáchais ag leibhéal níos áitiúla.



## BOSCA ATHCHÚRSÁLA DRAMHBHIA (BOSCA BRUSCAIR DONN)

- Dramhbhia Neamhchócaráilte
- Dramhbhia Cócaráilte
- Fuílleach ón phláta
- Feoil, éineoil, iasc agus cnámha
- Táirgí déiríochta
- Ubhtháirgí
- Dríodar caife agus Málaí tae
- Torthaí & Glasraí




**Ná déan dearmad gur gá an pacáistiú uilig a bhaint sula gcuireann tú an bia isteach sa bhosca dramhbhia.**

**Úsáid líneáil inmhúiríníthe nó rud beag páipéir leis an bhosca bruscair sa chistin a choinneáil glan. Ná húsáid mála plaisteach.**



**IS FÉIDIR BAILITHEOIR DRAMHAÍOLA A CHUARDACH AG:**

» www.nwcpo.ie

**FAIGH NÍOS MÓ EOLAIS AR AR CHEART A CHUR ISTEACH I DO CHUID BOSCAÍ BRUSCAIR AG:**

» www.mywaste.ie

## CÉIM 3

# BAINC 'FÁG ANSEO'




### LE DÉANAMH

- Cinntigh go mbíonn achan bhuidéal gloine nó canna a chuireann tú sa bhanc glan. Tig na buidéil ghloine uilig a chur san aon bhanc amháin anois, beag beann ar dhath.
- Cuir cannaí alúmanaim, cannaí stáin agus aerasóil isteach le chéile sna bainc cannaí.
- Tabhair na málaí agus boscaí s'agat abhaile lena n-athúsáid.
- Déan cinnte de go mbíonn aon teicstílí tí glan sula gcuirtear isteach sa bhanc teicstílí iad lena n-athchúrsáil.

### NÁ

- cuir aon earraí criadóireachta, tíleanna, scátháin ná Pyrex sna bainc.

### NÁ FÁG, IN AM AR BITH

- bruscar ná boscaí folmha i do dhiaidh ag na bainc buidéal nó b'ionann sin agus dumpáil mhídhleathach. Is é an fhíneáil ar an láthair atá ann faoi láthair as bruscar a fhágáil mar seo ná €150.

**LEIS AN BHANC 'FÁG ANSEO' IS CÓNGARAÍ DUIT A AIMSIÚ, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.donegalcoco.ie

Bryson Recycling

## CÉIM 4

# IONAID ATHCHÚRSÁLA

**Tá sé cinn d'Ionaid Athchúrsála i nDún na nGall, mar atá, Carn Domhnach, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, an Clochán Liath, Srath an Urláir agus an Lathaigh.**

Tá áit ann ina dtig réimse fairsing d'earraí a athchúrsáil saor in aisce agus tá áit ann ina dtig táille a dhíol le rudaí eile a athchúrsáil. Glactar le dramh-earraí amhail gloine, cannaí, teicstílí, cadhnraí agus earraí leictreacha saor in aisce.





# TÁILLÍ AG IONAID ATHCHÚRSÁLA



## ATHCHÚRSÁIL SAOR IN AISCE

- Gloine
- Cannaí
- Aerasóil
- Teicstílí
- Feadáin Fhluaraiseacha
- Cadhnraí
- Cadhnraí Gluaisteáin
- Fearais bheaga
- Fearais mhóra
- Teilifíseáin & scáileáin
- Gutháin phóca
- Dramh-mhiotal
- Innill fuála

# TÁILLÍ AG IONAID ATHCHÚRSÁLA

**Tá réimse de tháillí ann ó €1 go €8 do na nithe seo a leanas, iarrtar ort rudaí a réamhshocrú roimh duit cuairt a thabhairt ar na láithreacha seo. Ba cheart achan phacáistiú atá le hathchúrsáil a bheith glan tirim scaoilte.**

- Páipéar
- Cairtchlár
- Cartáin
- Plaistigh Dhochta (coinnigh scartha ó phlaistigh bhoga)
- Plaistigh Bhoga
- Ola Chócaireachta
- Ola Innill

# TÁILLÍ EILE

- Boinn (€4 in aghaidh an bhoinn cairr)
- Buidéil Gháis (€2 in aghaidh an tsorcóra)
- Péint (€1 in aghaidh an channa 5 lítear)
- Polaistiréin (Glan, polaistiréin bhán amháin, €2 in aghaidh an mhála)
- Dramhaíl Ghairdín (€2 in aghaidh an mhála)
- Dramhbhia (€1 suas le 2kg, €2 3-5kg, €4 6-10kg, úsáid málaí inmhúirínithe amháin)
- Dramhaíl tí atá le diúscairt, €5 an mála (faoi choinne málaí nach troime ná 10kg)
- Glactar le nithe toirtiúla fosta amhail tochtanna, toilg, adhmad srl. Tá réimse de tháillí i bhfeidhm faoi choinne na nithe seo.



**LE hEOLAS AR UAIREANTA OSCAILTE NA nIONAD ATHCHÚRSÁLA AGUS NÍOS MÓ SONRAÍ A FHÁIL, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.donegalcoco.ie
» www.brysonrecycling.org

## CÉIM 5

# ATHCHÚRSÁIL SAOR IN AISCE

## DRAMH-THREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH




**Cuir beocht úr sna sean-earraí agus sna hearraí briste s’agat...**
**Athchúrsáil saor in aisce!**

weee ireland
APPROVED **RECYCLING** SCHEME

## SEO RUD AR BITH A BHFUIL PLOCÓID AIGE NÓ A RITHEANN AR CHADHNRAÍ AGUS A BHFUIL A RÉ ÚSÁIDEACH CAITE AIGE.

- Nuair a cheannaíonn tú fearas nó píosa trealaimh úr atá leictreach, leictreonach nó a ritheann ar chadhnraí, tá sé de cheangal ar an mhiondíoltóir nó ar an tsoláthraí an seanfhearas nó an seantrealamh atá ar aon dul leis an cheann atá tú i ndiaidh a cheannach, a ghlacadh ar ais saor in aisce ar bhonn ceann-ar-cheann, macasamhail le macasamhail.
- Tig leat cadhnraí, feadáin fhluaraiseacha agus rud ar bith atá leictreach nó leictreonach (ag a bhfuil plocóid nó cadhnraí) a athchúrsáil fosta ag an Ionad Athchúrsála áitiúil s'agat – caith súil ar an eolas ar leathanach 15 fá dtaobh de na hIonaid Athchúrsála i nDún na nGall.
- Cuidíonn achan chadhnra a athchúrsálann tú sa bhosca ghorm cadhnraí WEEE Ireland le hairgead a thiomsú do Laura Lynn, Ospís Leanaí na hÉireann
- Is fiú bheith Meabhrach ar na Mionrudaí, is féidir earraí beaga a bhfuil plocóid nó cadhnraí acu a athchúrsáil saor in aisce fosta!





**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL, TABHAIR CUAIRT AR: :**

» www.weeeireland.ie
» www.brysonrecycling.org

## CÉIM 6

# MÚIRÍNIÚ BAILE

**Is ionann an múiríniú agus próiseas nádúrtha lofa a iompaíonn ábhair ghairdín agus dramh-ghlasraí ina n-ábhar dorcha sceiteach ar a bhfuil boladh na hithreach, a dtugtar múirín air. Tá an múirín líon lán cothaitheach agus cuirfidh sé beocht i do ghairdín agus i do chuid plandaí. Cothaíonn sé éiceachóras na hithreach agus scaoileann cothaithigh go mall le go dtig plandaí iad a ionsú.**

Tá boscaí múirínithe baile fóirsteanach do dhuine ar bith a bheadh ag iarraidh tosú ar an mhúiríniú. Nithe amhail torthaí, glasraí, blaoscanna uibhe, málaí tae agus scotháin féir. Is bealach iontach é leis an chineál seo dramhaíola a laghdú sna boscaí bruscair s’agat. D’fhéadfadh sé gur spéis leat fosta teicnící múirínithe eile amhail cruacha múirín, piastlanna nó cuiteoglanna agus córais eile.



**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL AR CHÓRAIS AGUS TEICNÍCÍ MÚIRÍNITHE BAILE, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.mywaste.ie
» www.donegalcoco.ie

## CÉIM 7

# DRAMHAÍL GHLAS

**Is é is Dramhaíl Ghlas ann ná dramhaíl in-bhithmhillte gairdín amhail scotháin fáil, scotháin féir, craobhacha éadroma crainn agus duilleoga, rudaí ar acmhainn luachmhar iad i do ghairdín. An rogha nádúrtha inbhuanaithe ná athchúrsáil a dhéanamh ar an dramhaíl ghairdín laistigh den ghairdín féin, nó laghdaíonn sé seo an tionchar a bhíonn againn ar an téamh domhanda agus cuireann sé le hacmhainneacht na créafóige i dtaca le bheith ag dul in oiriúint don athrú aeráide.**

- Tig dramhaíl ghairdín a athchúrsáil sa bhosca nó sa charn múirín s'agat in éineacht le torthaí agus glasraí neamhchócaráilte mar aon le rud beag páipéir nó cairtchláir.
- Má bhíonn barraíocht dramhaíl ghairdín le múiríniú agat, tig leat í a thabhairt chuig an Ionad Athchúrsála áitiúil ar chostas de €2 an mála.
- Cuireann roinnt bailitheoirí bruscair seirbhís dramhaíl ghairdín ar fáil, déan teagmháil leis an bhailitheoir bruscair s'agat le níos mó sonraí a fháil.

## ATHCHÚRSÁIL FÉIR

Is próiseas nádúrtha í an athchúrsáil féir mar a bhfágann tú scotháin féir i do dhiaidh sa ghairdín agus tú ag lomadh an fhéir. Agus iad ar an talamh, lobhann na scotháin, a bhfuil cion uisce de 80-85% iontu, go gasta agus cuireann cothaithigh luachmhara amhail nítrigin ar ais san ithir.



**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL AR AN ATHCHÚRSÁIL FÉIR & AN MÚIRÍNIÚ BAILE, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.mywaste.ie
» www.donegalcoco.ie

CÉIM 8


# FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE

## MÁ TÁ SEANFHEITHICIL AGAT A BHFUIL TÚ AG IARRAIDH FÁIL RÉITITHE DI, TÁ DHÁ RUD ANN AR GÁ SMAOINEAMH ORTHU

- Ar fhostaigh mé oibreoir feithiclí deireadh ré a bheas in ann a chinntiú go gcaithfear leis an fheithicil agus go bhfaighfear réitithe di i gcomhréir leis an reachtaíocht, leis na rialacháin agus ar bhealach a chaomhnódh an timpeallacht?
- An dtabharfaidh an t-oibreoir deimhniú scriosta dom ar mhaithe le mo chuid taifead le go dtig liom a léiriú gur chomhlíon mé mo chuid dualgas faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, mar úinéir cláraithe na feithicle? Bíonn deimhniú scriosta de dhíth fosta le mótarcháin ar bith a mbeifeá ina teideal a éileamh ar ais.



# Ó BHREITH GO BÁS
# MEASÚNÚ SAOLRÉ



CÉIM 9

# DÓCHÁN AR CHÚL AN TÍ

**IS É ATÁ I GCEIST LE DÓCHÁN AR CHÚL AN TÍ NÁ DÓCHÁN NEAMHRIALAITHE DRAMHAÍOLA.**

Baineann sé fosta le dramhaíl a dhó in:

- tinte oscailte
- soirn
- fearais breosla sholadaigh eile nó amuigh faoin aer.

**TÁ SÉ IN ÉADAN AN DLÍ DRAMHAÍL TÍ NÓ GAIRDÍN A DHÓ AR DHÓIGH AR BITH.**





Is féidir go ndéanfadh an dóchán dramhaíola sa teach nó sa ghairdín s'agat dochar do do shláinte féin agus do shláinte do chuid páistí agus do chuid comharsana. Is é a eascraíonn as a leithéid seo de chleachtais mhídhleathacha ná scaoileadh dé-ocsainí tocsaineacha, rud atá thar a bheith contúirteach do shláinte daoine agus don timpeallacht.

**Má fheiceann tú comharsa leat nó duine ar bith eile ag dó dramhaíola go mídhleathach, iarrtar ort, ar mhaithe le do shláinte féin agus leis an timpeallacht, é a thuairisciú. Tá eolas ar an dóigh lena thuairisciú ar fáil ar leathanach 27.**



**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL AR AN DÓCHÁN AR CHÚL AN TÍ, TABHAIR CUAIRT:**

» www.donegalcoco.ie
» www.epa.ie

CÉIM 10

# BAILITHEOIRÍ DRAMHAÍOLA NEAMHÚDARAITHE

- Déan cinnte de gur fíorghnólacht dramhaíola atá sa bhailitheoir dramhaíola s'agat agus ceadúnas bailithe dramhaíola acu.
- Tógann bailitheoirí údaraithe an dramhaíl chuig saoráidí údaraithe dramhaíola, áit a dtig caitheamh léi de réir mar is cuí.
- Ná lig d'aon duine a dhéanfadh dóigh shaor le fáil réitithe de dhramhaíl a thairiscint duit, bob a bhualadh ort.
- Is féidir go n-eascródh truailliú tromchúiseach timpeallachta as an ghníomhaíocht neamhúdaraithe dramhaíola, go mbeadh tionchar díobhálach aici ar thionscal na dramhaíola agus go n-eascródh fadhbanna sláinte poiblí aisti.
- Tá sé de fhreagracht ortsa cúram a dhéanamh de do chuid dramhaíola féin agus má tharlaíonn go ndumpáiltear, go gcuirtear sa talamh nó go ndóitear í, is féidir go mbeadh gníomh forfheidhmiúcháin ann agus go mbeadh dlíthíocht ann dá réir.
- Má tá duine nó daoine istigh ag déanamh oibre duit lena gcruthófar dramhaíl e.g. athchóiriú tí, is tusa atá freagrach go fóill as an dramhaíl.



**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL AR BHAILITHEOIRÍ DRAMHAÍOLA ÚDARAITHE, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.nwcpo.ie

» www.mywaste.ie

» www.donegalcoco.ie

CÉIM 11

# TUAIRISCIGH É

**COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL**
Le gníomhaíocht neamhúdaraithe dramhaíola a thuairisciú, cuir scairt ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ar 074 91 53900 ó 9am go 5pm, ón Luan go dtí an Déardaoin agus ó 9am go 4.30pm ar an Aoine.

**AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL (GCC)**
Líne Náisiúnta um Ghearáin Chomhshaoil ar 1850 365121 Aip fóin chliste GCC “See it? Say it”. Feidhmítear na seirbhísí seo ar bhonn 24-uair an chloig.

**Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar fhiosrúchán iomlán a dhéanamh ar gach tuairisc a fhaightear.**

## DO CHONTAE. DO DHRAMHAÍL?

Is coir é dramhaíl a dhumpáil.
Bímis ar fad freagrach.

**#StopDumpáilMhídhleathach**



**LE NÍOS MÓ EOLAIS A FHÁIL AR AN DÓIGH LE TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH, TABHAIR CUAIRT AR:**

» www.donegalcoco.ie
» www.epa.ie

CÉIM 12

# DÉAN TEAGMHÁIL LINN

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL

**Cuir scairt ar:** 074 91 53900

**Rphost:** info@donegalcoco.ie

**Suíomh Gréasáin:** www.donegalcoco.ie

## AIMSIGH NÍOS MÓ ACMHAINNÍ:

- **Comhairle Contae Dhún na nGall** – www.donegalcoco.ie
- **My Waste** – www.mywaste.ie
- **Bryson Recycling** - www.brysonrecycling.org
- **An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola** - www.nwcpo.ie
- **GCC** – www.epa.ie
- **Leabhar Reachtanna na hÉireann** – www.irishstatutebook.ie
- **WEEE Ireland** – www.weeeireland.ie
- **Refill** – www.refill.ie
- **Stop Food Waste** - www.stopfoodwaste.ie
- **Conscious Cup Campaign** - www.consciouscup.ie

## GO RAIBH MAITH AGAT!

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh leis an Treoir Phóca seo a léamh. Má tá tú réidh leis an treoir seo, cuir ar aghaidh chuig duine eile í. Sin, nó cinntigh go ndéantar í a athchúrsáil!

Coinnigh súil ar na suíomhanna gréasáin éagsúla atá luaite sa treoirleabhar, áit a bhfaighidh tú an t-eolas is úire.